



COVID-19 – Tacaíocht Morgáiste

Má tá deacracht agat morgáiste ar do theach a íoc de bharr COVID-19, nó ar aon chúis eile, labhair le d'iasachtóir a luaithe is féidir.

Nuair a bheidh d'iasachtóir ag plé leat agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar do chás, ní mór dó cloí leis an gCód Iompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM) de chuid Bhanc Ceannais na hÉireann.

Tá sé mar aidhm ag CIRM cuidiú leat dul i ngleic go tapa agus go héifeachtach le do chuid deacrachtaí íocaíochta agus tú a chur ar do bhoinn arís maidir le do chuid oibleagáidí morgáiste.

Tá bearta gearrthéarmacha ann chun tacú leat fad a bheidh measúnú iomlán á dhéanamh ag d'iasachtóir ar do staid airgeadais chun réiteach fadtéarmach a aimsiú.

Nuair a bheidh do chás á mheasúnú ag d'iasachtóir, ní mór dó:

- Déileáil le do chás ar mhodh dearfach tuisceanach
- Teagmháil a dhéanamh leat go pras ar mhodh soiléir, sothuigte, comhréireach, neamhiomarcach
- Eolas a lorg maidir le d'imthosca iomlána, do staid airgeadais phearsanta san áireamh
- Measúnú a dhéanamh ar réitigh a bheidh iomchuí agus inmharthana do d'imthosca ar leith.

Ní bheidh feidhm ag cuid mhór de na cosaintí seo, áfach, ach amháin má bhíonn tú ag plé le d'iasachtóir.

Fan i dteagmháil le d'iasachtóir, mar sin, agus coinnigh taifead ar an gcumarsáid sin go dtí go mbeidh do chuid deacrachtaí airgeadais réitithe.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin leis an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid chun comhairle airgeadais saor in aisce a fháil.

Tuilleadh eolais: [centralbank.ie/covid19-eolas](https://www.centralbank.ie/covid19-eolas).